2024/1128

16.5.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 271/2023

an 27 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1128]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh (AE) 2023/145 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Cinneadh (AE) 2023/145, aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Scriostar téacs phointe 5 (Treoir 89/629/CEE ón gComhairle) de Chaibidil XVII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh (AE) 2023/145 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal Schafhauser

([1]) IO L 21, 23.1.2023, lch. 3.
([2]) IO L 363, 13.12.1989, lch. 27.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.